# Scoil Naomh Ciarán

*Cill Chiaráin, Conamara, Co. na Gaillimhe.*

*Éirchód: H91 T650*

**Oifig:** 095 33 613 **Fón Póca:** 086 302 4158 **Uimhir Rolla:** 17574U **R-phost:** scoilnaomhciaran@gmail.com

18/05/2021

## Scrúdaithe Chaighdeánaithe

Tá an t-am sin don bhliain buailte linn arís agus muid chun tabhairt faoi na scrudaithe chaighdeánaithe. Tá oíche mhaith codlata ag teastáil na laethanta seo, agus bricfeasta mhaith.

Tar éis an bhliain atá curtha isteach againn, tá sé tabhartha faoi deara againn go bhfuil páistí na scoile amhrasach faoi na scrúdaithe úd. Thar aon ní eile, ba mhaith linn a chur in iúil dhaoibh cé go bhfuil feidhm agus tábhacht le na scrúdaithe seo, ní dhéanann siad tomhais ar na scileanna is mó a chuireann muid béim anseo orthu i Scoil Naomh Ciarán.

Is iad sin cairdeas, círealtas agus grá. Tá na tréithe sin go láidir in bhur gcuid páistí uilig. Tá dhá bhliain crua curtha isteach acu, dhá bhliain thar a bheith as an ngnáth agus tá muid chomh brodúil as an mbealach ar iompar siad iad fhéin agus an méid oibre a rinne siad i rith na h-ama sin.

Ní dhéanfaidh aon scrúdú tomhais ar an mbealach ar thug bhur gcuid páistí faoi mhodh foghlama iomlán nua, ná ar an mbealach ar thug siad tacaíocht dá chéile agus muid faoi dhianghlasáil agus ag obair ar zoom.

**Bhí siad cróga, misniúil, tuisceanach, cabhrach agus ina gcairde maithe dá chéile.** Dá mbeadh scrúdú ar a leithéid bheadh gasúir SNC uilig ag baint 100% amach ann.

Meabhraíonn muid do na páistí chuile bhliain go bhfuil na scrúdaithe seo ann do na múinteoirí, chun go bhfeicfidh muid an bhfuil aon ábhar atá níos mó dul siar ag teastáil air.

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh muid uilig ar aon ghuth ag seoladh an teachtaireacht seo ag na gasúir – *Níl na scrúdaithe seo ach ag tomhais pisín beag bídeach don fhoghlaim,* agus ní féidir leis na rudaí is tábhachtaí fút a thomais.

Níl aon bhéim, agus ní bheidh riamh ar mharcanna ná ar thorthaí na scrúdaithe seo, agus mar is iondúil, níl cead ag gasúir na scoile torthaí a gcuid scrúdaithe a phlé lena chéile.

**Teachtaireacht do na Gasúir:** Níl uainn ach go ndéanfaidh tú do dhícheall. Tá muid chomh sásta leat agus chomh brodúil asat. Bíodh bród agat asat féin freisin. ☺

**Le dea-ghuí, Foireann Scoil Naomh Ciarán. ☺**


Your Best

If you always try your best
Then You'll never have to wonder
About what you could have done
If you'd summoned all your thunder.
And if your best
Was not as good
As you hoped it would be,
You still could say,
"I gave today
All that I had in me."

**Déan do dhícheall i gcónaí.**



# Tástáil Chaighdeánaithe 2020/2021



## Triailscór caighdeánaithe do pháiste a thuiscint i gcomhthéacs a t(h)uairisc deireadh bliana le haghaidh 2020/2021

Beidh tionchar imeartha ag COVID-19 agus ag dúnadh na scoileanna ar pháistí i slite éagsúla le bliain anuas agus mar sin is tábhachtach é seo a bhreith chun cuimhne agus tuairisc deireadh bliana do pháiste á léamh agat.

Gach bliain, úsáideann scoileanna trialacha caighdeánaithe sa mhatamaitic agus sa léitheoireacht le páistí i rang a 2, 4 agus 6; agus roinntear na torthaí seo trí thuairiscí deireadh bliana. Tugtar léargas sna trialacha caighdeánaithe ar ghnóthachtáil do pháiste i réimse foghlama áirithe. Ní féidir íomhá iomlán de do pháiste mar fhoghlaimeoir a thaispeáint iontu. Forbraítear trialacha caighdeánaithe chun na meáin i measc líon mór páistí a thaispeáint. De bharr gur forbraíodh na trialacha sular tharla COVID-19, ní chuirtear an phaindéim ná na slite inar athraigh sé saol na bunscoile sa bhliain atá caite san áireamh iontu. Is é a chiallaíonn sé seo ná go bhfuil na trialacha caighdeánaithe bunaithe ar pháistí nach raibh tréimhsí fada le scoileanna dúnta agus le cianfhoghlaim acu. Mar thoradh air seo, d'fhéadfá tabhairt faoi deara go bhfuil triailscór caighdeánaithe do pháiste athraithe ón uair dheireanach a roinneadh a t(h)riailscór leat.

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar fhoghlaim agus ar dhul chun cinn do pháiste le linn na bliana, tá sé tábhachtach tagairt don eolas ar fad i dtuairisc deireadh bliana do pháiste. I dtuairisc do pháiste, cuirfidh an múinteoir aiseolas ar fáil ar réimsí ar nós:

- do pháiste mar fhoghlaimeoir
- forbairt shóisialta agus phearsanta do pháiste
- foghlaim do pháiste sa churaclaim tríd síos
- slite inar féidir leat níos mó tacaíochta a thabhairt i dtreo fhorbairt do pháiste.

Agus iad ag líonadh an tuairisc deireadh bliana, beidh machnamh déanta ag múinteoir do pháiste ar na slite difriúla inar oibrigh sé le do pháiste le linn na bliana – obair sa rang, obair amuigh faoin aer agus cianfhoghlaim san áireamh. De bharr na gcoinníollacha eisceachtúla ar thug do pháiste agus múinteoir do pháiste aghaidh orthu i mbliana, d'fhéadfadh tuairisc do pháiste a bheith ábhairín difriúil óna thuairisc scoile dheireanach. Bainfidh múinteoir do pháiste úsáid as an eolas a bhailigh sé le linn na bliana, triailscóir chaighdeánaithe san áireamh, chun cabhrú leo pleanáil i dtreo an tslí ina dtacóidh sé le do pháiste nuair a athosclaíonn an scoil i Meán Fómhair.


I gcás tuismitheoirí agus caomhnóirí nach bhfuil cur amach acu ar thrialacha caighdeánacha, an fheidhm atá leo agus an slí inar féidir iad a léirmhíniú, d'fhéadfadh go mbeadh spéis agat an t-eolas ar an mbileog eolais atá ar fáil ag:

**ncca.ie/primary/reporting-and-transfer**

Má tá buairt ort a bhaineann le tuairisc deireadh bliana do pháiste ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an scoil sa ghnáthshlí.

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Standardised Testing 2020/2021



### Understanding your child's standardised test score in the context of his/her end-of-year report for 2020/2021

COVID-19 and school closures this past year will have impacted children in various ways and so it is important to keep this in mind when reading your child's end-of-year report.

Each year, schools use standardised tests in mathematics and reading with children in 2nd, 4th and 6th class; and share the results of these tests through end-of-year reports. Standardised tests provide a snapshot of your child's achievement in a particular area of their learning. They do not and cannot paint the full picture of your child as a learner. Standardised tests are developed to show averages across large numbers of children. Because the tests were developed before COVID-19 happened, they do not take account of the pandemic and the ways in which it changed primary school life in this last year. This means that the standardised tests are based on children who did not have long periods of school closure and remote learning.
As a result, you may notice that your child's standardised test score may have changed since the last time his/her test scores were shared with you.

To get a better understanding of your child's learning and progress during the year, it is important to refer to all of the information in your child's end-of-year report. In your child's report, the teacher will have provided feedback on areas such as:

- your child as a learner
- your child's social and personal development
- your child's learning across the curriculum
- ways that you can further support your child's learning.

In completing the end-of-year report, your child's teacher will have considered the different ways they have worked with your child during the year, including classroom-based work, work outdoors, and remote learning. Given the exceptional circumstances that you, your child and your child's teacher faced in this school year, your child's report might be a little different from their last school report. Your child's teacher will use the information they have gathered during the year, including standardised test results, to help them plan for how they will support your child when school reopens in September.

For parents and guardians who are unfamiliar with standardised tests, their purpose and how you can interpret test scores, you may be interested to read the information sheet available at:

**ncca.ie/primary/reporting-and-transfer**

If you have a concern about your child's end-of-year report, you should contact your school in the usual way.

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment